Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Riaráistí Morgáiste

# Treoir do Thomhaltóirí maidir leis an Ráiteas Caighdeánach Airgeadais (RCA) a Líonadh

Eanáir 2022

# Clár na nÁbhar

RÉAMHRÁ ........ 3
Cad é an Ráiteas Caighdeánach Airgeadais? ........ 3
Tacaíochtaí atá ar fáil duit nuair a bheidh do RCA á líonadh ........ 3
Cuid 1: Doiciméid atá ag teastáil chun do RCA a líonadh ........ 5
Cuid 2: Treoir maidir le do RCA a líonadh ........ 8

# RÉAMHRÁ

Is é is aidhm don treoir seo cuidiú leat Ráiteas Caighdeánach Airgeadais (RCA) a líonadh. Ní mór do do sholáthraí morgáiste an ráiteas seo a úsáid chun faisnéis airgeadais a fháil uait faoin gcreat um Próiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste (PRRM) atá leagtha amach sa Chód Iompair um Riaráistí Morgáiste (CIRM) 2013. Ní mór do ghnólachtaí bainistithe fiachais RCA a úsáid freisin (RCA gnólachta bainistithe fiachais) faoin gCód um Chosaint Tomhaltóirí 2021, mar atá arna leasú (an Cód)

# Cad é an Ráiteas Caighdeánach Airgeadais?

Cabhraíonn an RCA leat do staid reatha airgeadais a leagan amach. Tar éis duit é a líonadh, déanfaidh do sholáthraí morgáiste measúnú ar do chuid faisnéise mar chuid den Phróiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste (**PRRM**). Ansin, féachfaidh do sholáthraí morgáiste an féidir leis socrú malartach, inmharthana, iomchuí aisíocaíochta (SMA) a thairiscint duit ar do mhorgáiste.

Ná déan dearmad gur cheart go mbeadh an fhaisnéis agus na doiciméid go léir a chuirfidh tú ar fáil cruinn agus cothrom le dáta chun a chinntiú gur féidir measúnú tapa a dhéanamh orthu agus chun go mbeidh eispéireas custaiméara níos fearr agat.  Tá lánchead agat aon fhaisnéis eile is dóigh leat a bheith riachtanach maidir le do dhálaí airgeadais a thabhairt ar aird.

# Tacaíochtaí atá ar fáil duit nuair a bheidh do RCA á líonadh

Tá oibleagáid ar do sholáthraí morgáiste cabhrú leat do RCA a líonadh. Chuige sin, ní mór do do sholáthraí morgáiste aon tacaíochtaí atá acu a chur ar fáil duit, amhail treoirdhoiciméid agus an fhéidearthacht chun coinní a dhéanamh le foireann shainoilte.

Chun cuidiú leat an RCA a líonadh, is féidir leat comhairle neamhspleách a lorg ón tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS) nó seirbhísí malartacha comhairleacha fiachais ó chomhairleoir airgeadais, mar shampla.

Is seirbhís rúnda, neamhspleách é MABS atá saor in aisce agus a chabhróidh leat an RCA a líonadh. Rachaidh siad tríd an RCA leat agus tabharfaidh siad comhairle duit maidir leis na doiciméid tacaíochta is gá duit a chur ar fáil.  Cuir glao ar líne chabhrach MABS ar 0818 07 2000 agus/nó téigh [anseo].

Is seirbhís é Abhaile a chabhraíonn le húinéirí tí réiteach a fháil ar riaráistí morgáiste chónaithe. Ag brath ar do chás, cuirfidh Abhaile dearbháin ar fáil duit chun comhairle airgeadais, comhairle dlí nó comhairle dócmhainneachta a fháil mar aon le cúnamh ó shaineolaithe. Tá na dearbháin ar fáil ó MABS.

Is scéim rialtais í an scéim **Morgáiste go Cíos (MGC)** a thugann cúnamh d'úinéirí tí atá i mbaol a dtithe a chailliúint de bharr riaráistí morgáiste. Tuilleadh eolas ar fáil [anseo].

Tá an Banc Ceannais tiomanta do chúnamh a thabhairt duit chun do RCA a líonadh freisin. Tá an treoir seo ceaptha sonraí cuimsitheacha a thabhairt duit maidir leis na doiciméid a bheidh ag teastáil uait chun an RCA a líonadh, mar aon leis an bhfaisnéis is gá duit a líonadh isteach ar an bhfoirm féin. Freagraíonn gach cuid den treoir seo do na codanna éagsúla den RCA. I gCuid 1 den treoir seo, tá seicliosta de na doiciméid is gá duit a thabhairt do do sholáthraí morgáiste mar thaca le do RCA comhlánaithe.

Tá acmhainní eile ar fáil duit chun cabhrú leat do RCA a líonadh, mar shampla:

- Treoir an Bhainc Ceannais maidir leis an CIRM: An Cód Iompair um Riaráistí Morgáiste - Treoir do Thomhaltóirí [anseo]
- Faisnéis maidir le Riaráistí Morgáiste agus Mol Airgid CCPC An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí: www.ccpc.ie
- Faisnéis do Shaoránaigh www.citizensinformationboard.ie
- An Coimisinéir Cosanta Sonraí: www.dataprotection.ie
- An Roinn Coimirce Sóisialaí: www.gov.ie
- An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais & Pinsean (FSPO): www.fspo.ie
- Ionaid Comhairle Dlí Saor in Aisce (FLAC): www.flac.ie
- Na Coimisinéirí Ioncaim: www.revenue.ie

# Cuid 1: Doiciméid atá ag teastáil chun do RCA a líonadh

Tugtar liosta de na doiciméid thíos mar eolas duit. Tá seans ann go n-iarrfaidh soláthraithe morgáiste doiciméid eile ort chun do staid airgeadais a mheas. Déan teagmháil le do sholáthraí morgáiste chun liosta cuimsitheach a fháil de na doiciméid a bheidh de dhíth i do chás ar leith.

Chun cabhrú leat do RCA a líonadh, is feidir leat do thuarascáil chreidmheasa a iarraidh ón bPríomh-Chlár Creidmheasa. Beidh sí ina cúnamh mór duit nuair a bheidh cuid B agus cuid E den RCA á líonadh agat. Tá faisnéis i do thuarascáil chreidmheasa maidir leis an méid seo a leanas:

- Na cineál(acha) iasachta(í) (e.g. morgáiste, cárta creidmheasa, rótharraingt, fruilcheannach, Plean Conartha Pearsanta) atá agat
- Ainm an tsoláthraí iasachta
- Méid na hiasachta
- Iarmhéid gan íoc ar an iasacht
- Líon na n-iasachtaí thar téarma, más ann dóibh
- Dáta na chéad íocaíochta eile
- Méid na chéad íocaíochta eile

Chun do thuarascáil chreidmheasa a fháil saor in aisce, téigh go dtí suíomh gréasáin an Phríomh-Chláir Creidmheasa: https://www.centralcreditregister.ie/

| Cuid | Doiciméid atá ag teastáil chun an chuid seo a líonadh<br><br>(Ní gá duit ach na doiciméid atá iomchuí do do chás féin a chur ar fáil i dteannta do RCA chomhlánaithe) |
|---|---|
| Cuid A Mo chuid sonraí | ▪ Níl aon doiciméad ag teastáil chun an chuid seo a líonadh |
| Cuid B<br>Mo mhorgáiste<br><br>*Ba cheart go mbeadh do sholáthraí morgáiste in ann formhór na ndoiciméad seo a thabhairt duit.* | ▪ Do ráiteas bliantúil morgáiste<br>▪ Ráiteas ó do sholáthraí morgáiste ina léirítear an méid iomlán atá fós le híoc ar do mhorgáiste<br>▪ Ráiteas íocaíochtaí morgáiste nó dearbhú ó do sholáthraí morgáiste maidir le méid na híocaíochta míosúla morgáiste<br>▪ Prionta amach ina léirítear luach measta reatha do réadmhaoine (féach treoir faoi chuid B den Treoir RCA - féach leathanach 10 - le haghaidh tuilleadh faisnéise) |

| | |
|---|---|
| Cuid C<br>M'ioncam míosúil | ▪ **Fostaí:** cruthúnas ar ioncam a chur ar fáil i bhfoirm duillíní pá a fuarthas le déanaí<br>▪ **Féin-fhostaithe:** Cuntais iniúchta nó cuntais dheimhnithe, ráitis cuntais gnó, tuairisceán cánach pearsanta, nó ráiteas comhardaithe cánach, Foirm 11 ó na Coimisinéirí Ioncaim<br>▪ **Dífhostaithe:** An admháil is déanaí ar leas sóisialach i leith gach íocaíocht leasa shóisialaigh a fuarthas<br>▪ **Ar scor:** Cruthúnas go bhfuarthas íocaíochtaí míosúla pinsin agus ar mhéid na n-íocaíochtaí pinsin<br>▪ Cruthúnas go bhfuarthas íocaíochtaí cothabhála<br>▪ Cruthúnas ar ioncam eile (féach freisin Cuid F agus Cuid G).<br>▪ Cruthúnas ar ranníocaíocht mhíosúil airgeadais a fuarthas ó chleithiúnaithe agus/nó daoine nach cleithiúnaithe iad ach a bhfuil cónaí orthu i do theaghlach (ráitis bainc mar shampla) |
| Cuid D<br>Mo chaiteachas teaghlaigh míosúil | ▪ Billí a eisíodh le déanaí (leictreachas, gás/ola, idirlíon, fón, fón póca)<br>▪ Aon doiciméid eile ina gcruthaítear an méid a chaitear ar chúram leanaí agus/nó ar chúram daoine aosta.<br>▪ Cruthúnas ar árachas (mótar, teach, sláinte, cosaint morgáiste, cosaint íocaíochta, cosaint ioncaim, árachas saoil) agus ar íocaíochtaí pinsin (nuair nach ndéantar ranníocaíochtaí pinsin a asbhaint ag an mbunadh)<br>▪ Cruthúnas ar íocaíochtaí cothabhála<br>▪ Cruthúnas ar chíos a íocadh |
| Cuid E<br>Mo chuid íocaíochtaí míosúla fiachais | ▪ Cruthúnas ar aon íocaíocht cúirte a bhí dlite<br>▪ Ráiteas a bhaineann le haon iasachtaí atá agat (comhair chreidmheasa, iasachtaí pearsanta, cártaí creidmheasa, rótharraingtí, PCP/fruilcheannaigh)<br>▪ Ba cheart go n-áireofaí i ráitis an méid atá gan íoc, na híocaíochtaí atá á ndéanamh, an méid ama atá fágtha ar gach iasacht, iarmhéid na riaráistí, an chúis atá leis an iasacht |
| Cuid F<br>Réadmhaoin eile atá agam | ▪ Prionta amach ina léirítear luach measta aon réadmhaoine eile atá ar úinéireacht agat<br>▪ Ráiteas ó do sholáthraí morgáiste ina léirítear an méid iomlán atá fós le híoc ar gach ceann de na morgáistí sin (más ann)<br>▪ Ráiteas ar riaráistí atá ar do chuntais morgáiste le haghaidh aon réadmhaoine eile atá agat<br>▪ Cruthúnas ar ioncam cíosa<br>▪ Ráiteas íocaíochtaí morgáiste nó deimhniú ó do sholáthraí/sholáthraithe morgáiste maidir le méid na híocaíochta míosúla morgáiste i leith aon réadmhaoine eile atá agat |

| | |
|---|---|
| Cuid G<br>Mo chuid sócmhainní eile | ▪ Admhálacha agus/nó ráitis maidir le luach ceannaigh aon sócmhainní atá ar úinéireacht agat<br>▪ Ráiteas ar luach measta reatha (féach an treoir faoi chuid B) |

# Cuid 2 - Treoir maidir le do RCA a líonadh

| Cuid | Sonraí riachtanacha: |
|---|---|
| Cuid A<br>Mo chuid sonraí | Sonraí maidir le do dhálaí pearsanta, d'ainm, do sheoladh, do ghairm agus líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i do theaghlach |
| Cuid B<br>Mo mhorgáiste | Sonraí maidir le do mhorgáiste ar do phríomháit chónaithe, is é sin, an réadmhaoin chónaithe atá á háitiú agat mar phríomháit chónaithe, nó an t-aon réadmhaoin chónaithe atá ar úinéireacht agat sa Stát. Cuideoidh an chuid seo leat tuiscint níos fearr a fháil ar phríomhghnéithe do mhorgáiste |
| Cuid C<br>M'ioncam míosúil | Sonraí maidir le d'ioncam míosúil |
| Cuid D<br>Mo chaiteachas teaghlaigh míosúil | Sonraí maidir le do chuid caiteachais nó eisíocaíochtaí, arna ríomh ar bhonn míosúil. Ba cheart go n-áireofaí sa RCA sonraí maidir leis na speansais go léir a thabhófaí le linn na tréimhse anáis airgeadais a bhfuiltear ag súil léi |
| Cuid E<br>Mo chuid íocaíochtaí míosúla fiachais | Sonraí maidir le méideanna míosúla do chuid aisíocaíochtaí fiach eile go léir (seachas aisíocaíochtaí morgáiste ar do phríomháit chónaithe) |
| Cuid F<br>Réadmhaoin eile atá agam | Sonraí maidir le réadmhaoin eile atá ar úinéireacht agat seachas do phríomháit chónaithe |
| Cuid G<br>Mo chuid sócmhainní eile | Sonraí maidir leis na sócmhainní eile go léir atá ar úinéireacht agat féin nó i gcomhpháirt le duine eile, mar shampla coigiltis, carranna, agus scaireanna |
| Cuid H<br>Achoimre ar do RCA | Cuideoidh an chuid seo leat athbhreithniú a dhéanamh ar na figiúirí a chuir tú isteach i gcodanna B, C, D agus E. |

## Cuid A Mo Chuid Sonraí

Sa Chuid seo, lorgaítear sonraí maidir le do dhálaí pearsanta, d'ainm, do sheoladh, do ghairm agus líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i do theaghlach.

| | | | Iasachtaí 1 | Iasachtaí 2 |
|---|---|---|---|---|
| A1 | Ainm | | | |
| A2 | Seoladh comhfhreagrais | | **A2** úsáidfear an seoladh seo le haghaidh gach comhfhreagrais a bhaineann leis an RCA seo | |
| A3 | Seoladh Réadmhaoine (murab ionann é agus an seoladh comhfhreagrais) | | | |
| | | Sonraigh an modh teagmhála ab fhearr leat | | |
| A4 | Teileafón baile | | | |
| A5 | Teileafón póca | | | |
| A6 | Ríomhphost | | | |
| A7 | Stádas pósta | | | |
| A8 | Dáta breithe | | LL/MM/BBBB | LL/MM/BBBB |
| A9 | Líon iomlán na ndaoine sa teaghlach | | **A9** Sonraigh le do thoil líon iomlán na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sa teaghlach, tú féin, do pháistí agus aon chleithiúnaithe eile a bhfuil cónaí orthu leat ar nós cleithiúnaithe aosaithe/aosta san áireamh. | |
| A10 | Líon agus aois na gcleithiúnaithe | Cleithiúnaí 1<br>Cleithiúnaí 2<br>Cleithiúnaí 3<br>Cleithiúnaí 4 | **A10** Is ionann cleithiúnaí agus duine atá ag brath ort ó thaobh cúrsaí airgeadais de. Déan cinnte go gcuirfidh tú san áireamh anseo do pháistí agus aon chleithiúnaithe eile a bhfuil cónaí orthu in éineacht leat sa teaghlach ar nós cleithiúnaithe aosaithe/aosta. | |
| A11 | An bhfuil aon duine de na cleithiúnaithe seo sa chóras oideachais tríú leibhéal? [Tá/Níl] Má tá, cé mhéad bliain atá fágtha acu? | | | |
| A12 | Maidir leis na cleithiúnaithe sin, nó maidir le daoine nach cleithiúnaithe iad a bhfuil cónaí orthu sa teaghlach, an mbíonn siad ag rannchuidiú leis an teaghlach ar bhonn míosúil ó thaobh airgeadais de? [Tá/Níl] Má tá, sonraigh an ranníocaíocht mhíosúil i réimse C8. | | **A12** Tabhair sonraí le do thoil maidir le haon daoine sa teaghlach, seachas na hiasachtaithe ainmnithe, atá ag rannchuidiú leis an teaghlach ar bhonn míosúil ó thaobh airgeadais de, lena n-áirítear méid na ranníocaíochta míosúla sin. | |
| A13 | An bhfuil riachtanais liachta nó chúraim ag aon duine de na cleithiúnaithe seo a dhéanann difear do do staid airgeadais? | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | [Tá/Níl] Má tá, sonraigh costas míosúil aon chaiteachas liachta i réimse D4. | | |
| A14 | An bhfuil tú fostaithe faoi láthair? [Tá/Níl]<br>Má tá tú féinfhostaithe, tabhair sonraí le do thoil. | **A14** Sonraigh más trádálaí aonair tú, má tá cuideachta ar úinéireacht agat (teoranta nó neamhtheoranta), nó má tá tú i gcomhpháirtíocht. | |
| A15 | Cén ghairm atá agat faoi láthair? Má tá tú dífhostaithe nó ar scor, sonraigh an ghairm a bhí agat roimhe seo. | **A15** Má tá tú dófhostaithe nó ar scor, cuir é sin in iúl ar dtús agus ansin sonraigh an ghairm a bhí agat roimhe seo. | |
| A16 | An bhfuil tú i mbuanfhostaíocht? [Tá/Níl] | | |
| A17 | Ainm d'fhostóra reatha agus fad seirbhíse | | |
| A18 | Cén fáth a bhfuil deacrachtaí atá agat do chuid aisíocaíochtaí morgáiste agus/nó fiach eile a dhéanamh.<br>Roghnaigh na cinn a bhaineann leat. | [..] Dífhostaíocht<br>[..] Ioncam laghdaithe<br>[..] Breoiteacht<br>[..]Colscaradh/Scaradh<br>[..] Bás<br>[..]Táillí Scoile/Ollscoile<br>[..] Billí teaghlaigh<br>[..] Eile (Sonraigh le do thoil) | [..] Dífhostaíocht<br>[..] Ioncam laghdaithe<br>[..] Breoiteacht<br>[..] Colscaradh/Scaradh<br>[..] Bás<br>[..]Táillí Scoile/Ollscoile<br>[..] Billí teaghlaigh<br>[..] Eile (Sonraigh le do thoil) |
| A19 | Meas tú cé chomh fada a mhairfidh na deacrachtaí seo? (Mura féidir leat an cheist seo a fhreagairt, iarr ar do sholáthraí morgáiste cuidiú leat an cheist a fhreagairt) | [..] 0-3 mí<br>[..] 3-6 mí<br>[..] 6-12 mí<br>[..] 12+ mí | [..] 0-3 mí<br>[..] 3-6 mí<br>[..] 6-12 mí<br>[..] 12+ mí |

## Cuid B: Mo mhorgáiste

Baineann an chuid seo le do mhorgáiste ar do phríomháit chónaithe, is é sin, an réadmhaoin chónaithe atá á háitiú agat mar phríomháit chónaithe, nó an t-aon réadmhaoin chónaithe atá ar úinéireacht agat sa Stát. Cuidíonn an chuid seo leat tuiscint níos fearr a fháil ar phríomhghnéithe do mhorgáiste.

| | | | |
|---|---|---|---|
| B1 | Soláthraí morgáiste | | |
| B2 | Uimhir Thagartha/Uimhreacha Tagartha an Chuntais Morgáiste | | |
| B3 | Uimhreacha tagartha aon chunta(i)s morgáiste eile atá agat ar do phríomháit chónaithe (mar shampla cuntas breisithe) | | |
| B4 | Iarmhéid morgáiste iomlán atá fós amuigh (€) (ná cuir riaráistí san áireamh). Ba cheart go n-áireofaí iarmhéideanna B2 agus B3 (más bainteach) | **B4** Is ionann é seo agus an méid iomlán atá fós le híoc ar gach ceann de do chuntais morgáiste. Is féidir leat an t-eolas sin a fháil ó do sholáthraí morgáiste. | |
| B5 | Luach Measta Reatha do Phríomháite Cónaithe (€) | **B5** Cé mhéid a chosnódh do theach dá gcuirfeá ar an margadh inniu é? Níl anseo ach meastachán. Chun cuidiú leat luach do thí a mheas, is féidir leat roinnt taighde a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin ar nós www. myhome.ie nó www.daft.ie, nó féach ar shuíomh gréasáin ceantálaí áitiúil sa chaoi gur féidir leat do mheasúnú a bhunú ar luach tithe comhchosúla sa cheantar. | |
| B6 | Aisíocaíochtaí míosúla morgáiste atá dlite (€) | **B6** Is ionann é seo agus méid na híocaíochta morgáiste a bhfuil do sholáthraí morgáiste ag súil leis gach mí. I gcás ina mbeidh íocaíocht laghdaithe socraithe agat le do sholáthraí morgáiste, cuir isteach méid na híocaíochta laghdaithe a comhaontaíodh. | **H4** Is gá an figiúr in B6 a thuairisciú i réimse H4 de chuid H: cur síos ar mo staid airgeadais. |
| B7 | Aisíocaíochtaí Míosúla Morgáiste atá á n-íoc (€) | **B7** Cé mhéid atá á íoc agat faoi láthair gach mí? Má tá tú ag íoc an méid a bhfuiltear ag súil leis, beidh an figiúr seo mar an gcéanna leis an bhfigiúr i líne B6. Murab ionann an méid atá á íoc agat agus an méid a thuairiscítear i líne B6, is é an méid éagsúil sin atá le cur isteach anseo. | |
| B8 | A bhfuil fágtha de théarma an mhorgáiste | **B8** Is ionann é seo agus an méid ama (i míonna) atá fágtha chun do mhorgáiste a íoc. Is féidir le do sholáthraí morgáiste an fhaisnéis seo a thabhairt duit. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| B9 | Ráta Úis Reatha (%)<br>An ráta seasta nó ráta athraitheach é seo?<br>Roghnaigh ráta athraitheach i gcás ráta rianúcháin. | **B9** Cén ráta úis atá á ghearradh? Is féidir le do sholáthraí morgáiste an fhaisnéis seo a thabhairt duit. Déan teagmháil leo chun a fháil amach an bhfuil tú i dteideal ráta úis níos ísle a fháil. D'fhéadfadh aisíocaíocht morgáiste mhíosúil níos ísle a bheith i gceist le ráta úis níos ísle. | ☐ Seasta<br>☐ Athraitheach<br>☐ Seasta go páirteach agus athraitheach go páirteach |
| B10 | Iarmhéid na riaráistí (€) (más bainteach) | **B10** Déan teagmháil le do sholáthraí morgáiste chun an figiúr seo a fháil. | |
| B11 | An bhfuil do mhorgáiste athstruchtúraithe? [Tá/Níl] | **B11** Roghnaigh Tá má rinne tú comhaontú le do sholáthraí morgáiste roimhe seo chun téarmaí agus coinníollacha do mhorgáiste a athrú de bharr deacrachtaí airgeadais - mar shampla íocaíochtaí míosúla laghdaithe. | |
| B12 | An bhfuil polasaí Árachais Cosanta Íocaíochta agat? [Tá/Níl] | **B12** Is ionann árachas cosanta íocaíochta (ÁCÍ) agus árachas a íocfaidh suim airgid leat chun cuidiú leat do chuid aisíocaíochtaí míosúla a dhéanamh i leith do mhorgáiste/iasachtaí eile mura mbeidh tú ábalta obair. B'fhéidir go dtarlódh sé seo de bharr breoiteachta, timpiste, báis nó dífhostaíochta. Mura bhfuil a fhios agat an bhfuil polasaí ÁCÍ agat i ndáil le do mhorgáiste, déan teagmháil le do sholáthraí morgáiste. Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le do sholáthraí ÁCÍ freisin chun a fháil amach an bhfuil tú i dteideal éileamh a dhéanamh faoi do pholasaí cosanta íocaíochta. | |

# Cuid C: M'ioncam míosúil

Sa Chuid seo, lorgaítear sonraí maidir le d'ioncam míosúil, e.g. do thuarastal, do shochair leasa shóisialta, do chíos agus aon ioncam eile a fhaigheann tú.

Má tá ioncam séasúrach nó neamhrialta agat, déan teagmháil le do sholáthraí morgáiste chun cúnamh breise a fháil maidir leis an gcuid seo a líonadh.

D'fhonn cuidiú leat d'ioncam míosúil a ríomh i gcás nach bhfaigheann tú ar bhonn míosúil é:

Má fhaigheann tú d'ioncam ar bhonn seachtainiúil, ba cheart duit an figiúr seachtainiúil a mhéadú faoi 52 agus a roinnt ar 12 chun an méid míosúil a fháil: $ioncam\ míosúil = \frac{ioncam\ seachtainiúil\ \ x\ 52}{12}$

Má fhaigheann tú do phá ar bhonn coicíse, ba cheart dúit an figiúr a mhéadú faoi 26 agus a roinnt ansin ar 12 chun an méid míosúil a fháil: $ioncam\ míosúil = \frac{ioncam\ coicísiúil\ \ x\ 26}{12}$

Ná cuir aon ioncam neamhrialta san áireamh, amhail liúntas seala, bónas nó ragobair.

| | | Iasachtaí 1 | Iasachtaí 2 | IOMLÁN € |
|---|---|---|---|---|
| C1 | Olltuarastal míosúil | C1 Is ionann é seo agus méid do thuarastail roimh cháin agus aon asbhaintí eile ag an bhfoinse; má tá tú féinfhostaithe, féach ar Fhoirm 11 de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim nó aon doiciméid eile dá dtagraítear sa seicliosta. Beidh an fhaisnéis seo ar do dhuillín pá má tá tú fostaithe. | | |
| C2 | Glanioncam míosúil | **C2** Is ionann é seo agus méid do thuarastail i ndiaidh cánach agus aon asbhaintí eile ag an bhfoinse; má tá tú féinfhostaithe, féach ar Fhoirm 11 de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim nó aon doiciméid eile dá dtagraítear sa seicliosta. Beidh an fhaisnéis seo ar do dhuillín pá má tá tú fostaithe. | | |
| C3 | Sochair mhíosúla leasa shóisialaigh<br>Liostaigh faoi cholúin C3 a, b agus c le do thoil. | **C3 and C3 a, b agus c** Sonraigh gach sochar leasa shóisialaigh mar shampla Liúntas Míchumais nó Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora. | | |
| C3 (a) | Sochar (sonraigh, le do thoil) | | | |
| C3 (b) | Sochar (sonraigh, le do thoil) | | | |
| C3 (c) | Sochar (sonraigh, le do thoil) | | | |
| C4 | Sochar Linbh | | | |
| C5 | Forlíonadh Úis Morgáiste | **C5** Má bhí tú i dteideal an íocaíocht seo roimhe seo agus má bhí tú á fáil faoin scéim um Fhorlíonadh Úis Morgáiste, ba cheart duit í a fháil anois mar chuid den Scéim Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh. | | |
| C6 | Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht | | | |

| | | |
|---|---|---|
| C7 | Cothabháil a fhaightear | **C7** Cuir san áireamh aon chothabháil rialta a fhaightear; tabhair fianaise de na híocaíochtaí e.g. Ráiteas bainc ar a léirítear an íocaíocht á haistriú chuig do chuntas. |
| C8 | Eile (sonraigh, le do thoil) | **C8** Mar shampla pinsean, cíos seomra (le haghaidh príomháit chónaithe), deontais, ranníocaíocht airgeadais ó chleithiúnaithe. Ná cuir isteach arís aon ioncam míosúil a clúdaíodh cheana féin faoi na ceannteidil thuas. |
| C9 | Ioncam cíosa míosúil (ó réadmhaoin eile) (tuairiscigh an figiúr ó F5) | **C9** Ba cheart na figiúirí seo a ríomh i gCuid F: Mo réadmhaoin eile) ar dtús agus ansin iad a chópáil isteach sa chuid seo. |
| C10 | Ioncam míosúil ó shócmhainní nach réadmhaoin iad (tuairiscigh an figiúr ó G7) | **C10** Ba cheart na figiúirí seo a ríomh i gCuid G: (Mo chuid sócmhainní eile) ar dtús agus ansin iad a chópáil isteach sa chuid seo. |
| **C11** | **Ioncam míosúil iomlán (comhshuim C2 go C10)** | **H1** An figiúr a chuireann tú isteach anseo i C11: (Ioncam míosúil iomlán), ní mór é a thuairisciú freisin faoi réimse H1 de chuid H: Cur síos ar mo staid airgeadais. |

## Cuid D: Mo chaiteachas teaghlaigh míosúil

Sa Chuid seo, lorgaítear sonraí maidir le do chuid caiteachas, a ríomhfar ar bhonn míosúil. Chun cuidiú leat cuid D a líonadh, is féidir leat breathnú ar an Treoir ar Chaiteachais Mhaireachtála Réasúnacha ó Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann atá ar fáil anseo.

Tá sé tábhachtach go mbeidh na figiúirí a chuireann tú isteach anseo thíos bunaithe ar imthosca do theaghlaigh féin. Nuair a bheidh meánchostas míosúil gach caiteachais á ríomh agat, ba cheart duit iarracht a dhéanamh samplaí de na nithe atá liostaithe thíos a áireamh san fhigiúr do 'mheánchostas míosúil'. Ní gá duit a chur san áireamh ach na costais a bhaineann le do theaghlach féin.

Cuimhnigh go bhféadfaí roinnt de na caiteachais atá agat a laghdú, mar shampla, trí aistriú chuig soláthraithe árachais eile. Ná bíodh drogall ort an margadh is fearr a chuardach. Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh go dtí www.ccpc.ie.

**Chun an figiúr míosúil a fháil, ba cheart duit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Seachtainiúil: an figiúr seachtainiúil a mhéadú faoi 52 agus a roinnt ar 12 chun an méid míosúil a fháil: $figiúr\ míosúil = \frac{figiúr\ seachtainiúil\ \ x\ 52}{12}$
- Gach 2 sheachtain nó coicísiúil: an figiúr seachtainiúil a mhéadú faoi 26 agus a roinnt ar 12 chun an méid míosúil a fháil: $figiúr\ míosúil = \frac{figiúr\ désheachtainiúil\ \ x\ 26}{12}$
- Gach 2 mhí: an figiúr seachtainiúil a mhéadú faoi 6 agus a roinnt ar 12 chun an méid míosúil a fháil: $figiúr\ míosúil = \frac{figiúr\ démhíosúil\ \ x\ 6}{12}$
- Ráithiúil: an figiúr a roinnt ar 3 chun an méid míosúil a fháil: $figiúr\ míosúil = \frac{figiúr\ ráithiúil}{3}$
- Gach bliain: an figiúr a roinnt ar 12 chun an méid míosúil a fháil: $figiúr\ míosúil = \frac{figiúr\ míosúil}{12}$

| | Caiteachas | Samplaí de nithe atá le háireamh san fhigiúr don mheánchostas míosúil |
|---|---|---|
| D1 | Bia | Siopadóireacht bhia, béilí le tabhairt leat agus béilí bialainne (bialanna, caiféanna, ceaintíní) |
| D2 | Éadaí | Éadaí agus coisbheart |
| D3 | Cúram pearsanta | Sláinteachas pearsanta, costais linbh/naín agus nithe cóirithe |
| D4 | Sláinte | Cógais leighis agus cuairteanna agus coinní dochtúra |
| D5 | Earraí teaghlaigh | Troscáin, fearais tí, earraí glantacháin |
| D6 | Seirbhísí teaghlaigh | Táillí bruscair, deisiúcháin agus cothabháil teaghlaigh, cáin mhaoine áitiúil, táillí bainistíochta, ceadúnas teilifíse, cainéil teilifíse agus seirbhísí sruthaithe, muirir nó táillí bainc. |
| D7 | Cumarsáid | Fón (póca agus líne thalún) agus idirlíon |

| | | |
|---|---|---|
| D8 | Oideachas | Éadaí scoile, táillí agus ranníocaíochtaí scoile/coláiste/cúrsa, gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus costais a bhaineann le cóiríocht 3ú leibhéal |
| D9 | Iompar | Peitreal, mótarcháin, deisiúcháin agus cothabháil feithiclí, páirceáil agus dolaí, costais iompair phoiblí (lena n-áirítear iompar scoile), tacsaithe, costais císosa. |
| D10 | Fuinneamh Teaghlaigh | Leictreachas agus téamh tí |
| D11 | Árachas agus Pinsean | Aon chineál árachais, lena n-áirítear mótar, teach, sláinte, cosaint morgáiste, cosaint íocaíochta, cosaint ioncaim, árachas saoil. Ranníocaíocht pinsin, i gcás nach n-asbhaintear í ón tuarastal ag an bhfoinse. |
| D12 | Coigiltis | |
| D13 | Ionchuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht shóisialta | Imeachtaí sóisialta, spórt agus caitheamh aimsire, ócáidí speisialta amhail an Nollaig nó aon laethanta saoire eaglasta agus laethanta breithe, agus imeachtaí nó gníomhaíochtaí eile. |
| D14 | Cúram Leanaí | |
| D15 | Cíos | Mar shampla, i gcás iasachtaithe atá scartha, mura bhfuil cónaí ar dhuine de na hiasachtaithe sa teaghlach agus má tá cíos á íoc acu ar chóiríocht eile. |
| D16 | Eile | Aon chaiteachais eile nach bhfuil curtha san áireamh cheana féin. D'fhéadfadh na caiteachais seo a leanas a bheith i gceist: cothabháil a íoctar le céile/páiste, costais a bhaineann le réadmhaoin eile, cúram do dhaoine aosta, táillí tithe altranais, táillí cúramóra, costais dhlíthiúla, airgead póca do pháistí/do dhéagóirí. |
| D17 | **Caiteachas Míosúil Iomlán** | Is ionann é seo agus suim D1 go D16. Is gá an figiúr a chuireann tú isteach anseo a thuairisciú freisin i réimse H2 de chuid H:  Cur síos ar mo staid airgeadais. |

Ma tá aon fhaisnéis bhreise nach bhfuil curtha san áireamh thuas agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith aici ar do chaiteachas míosúil, cuir isteach anseo í le do thoil [is féidir leat an bosca téacs seo a úsáid freisin chun ardleibhéil costais a mhíniú i gcás nithe áirithe thuas]

## Cuid E: Mo chuid íocaíochtaí míosúla fiachais

Sa chuid seo, lorgaítear méideanna míosúla do chuid aisíocaíochtaí fiachais go léir (seachas an aisíocaíocht morgáiste ar do phríomháit chónaithe).
Mura ndéanann tú na haisíocaíochtaí ar bhonn míosúil, féach ar chuid D chun an méid a íocann tú gach mí a ríomh.
I gcás ina bhfuil fiacha eile agat faoi láthair amhail iasachtaí pearsanta, cártaí creidmheasa, rótharraingt nó PCP/fruicheannaigh i leith do chairr, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le do sholáthraí/sholáthraithe iasachta chun na roghanna éagsúla atá ar fáil duit a phlé sa chaoi gur féidir tús áite a thabhairt do d'íocaíochtaí morgáiste.

| **An Cineál fiachais** | **Aisíocaíochtaí míosúla** | | **A bhfuil fágtha den téarma** | **An t-iarmhéid iomlán gan aisíoc €** | **Iarmhéid na riaráistí €** | **Soláthraí** | **An chúis atá leis an iasacht** | **An bhfuil an fiach seo urraithe?** [Tá/Níl] | **An bhfuil an fiach seo athstruchtúraithe faoi láthair?** [Tá/Níl] |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Dlite €** | **Á íoc €** | | | | | | | |
| | Is é seo an méid a bhfuil do sholáthraí iasachta ag súil leis uait gach mí. I gcás ina mbeidh íocaíocht laghdaithe socraithe agat le do sholáthraí morgáiste roimhe seo, cuir isteach anseo méid na híocaíochta laghdaithe sin a comhaontaíodh. | Cé mhéad atá á íoc agat faoi láthair gach mí? Má tá tú ag íoc an méid a bhfuiltear ag súil leis, beidh an figiúr seo mar an gcéanna leis an bhfigiúr atá sa cholún Dlite. Má tá méid á íoc agat atá éagsúil leis an méid a thuairiscítear sa cholún Dlite, is é an méid éagsúil sin atá le cur | Is ionann é seo agus an méid ama (i míonna) atá fágtha chun do mhorgáiste a íoc. Is féidir le do sholáthraí iasachta an fhaisnéis seo a thabhairt duit. | Is é seo an méid atá fós le híoc ar d'iasacht. Is féidir leat an t-eolas sin a fháil ó do sholáthraí iasachta (ná cuir riaráistí san áireamh). | Déan teagmháil le do sholáthraí iasachta chun méid na riaráistí atá agat ar aon iasachtaí eile a fháil amach. | Ainm do sholáthraí iasachta | Mínigh an chúis atá le gach iasacht atá agat e.g. saoire teaghlaigh. | Roghnaigh Tá má tá urrús curtha ar fáil agat i leith aon iasachtaí atá agat e.g. réadmhaoin, feithicil nó i gcás ina bhfuil ráthaíocht ag gabháil leis an bhfiach. | Roghnaigh Tá má rinne tú comhaontú le do sholáthraí morgáiste roimhe seo chun téarmaí agus coinníollacha do fhéich a athrú de bharr deacrachtaí airgeadais, mar shampla an aisíocaíocht mhíosúil a athrú. |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | isteach agat anseo. | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E1 | Fiach a mbeidh sainordú tugtha ag cúirt ina leith | **E1** mar shampla fíneálacha, orduithe tráthchoda, breithiúnais. | | | | | | | | |
| E2 | Iasacht ó Chomhar Creidmheasa | | | | | | | | | |
| E3 | Iasacht phearsanta bainc | | | | | | | | | |
| E4 | Iasacht ó iasachtóir airgid | **E4** iasachtaí beaga de ghnáth ag ráta ard úis thar théimhse ghearr ama | | | | | | | | |
| E5 | Iasachtaí ó dhaoine muinteartha/ chairde leat | | | | | | | | | |
| E6 | Fruilcheannach/ Comhaontú PCP | **E6** cineál creidmheasa, a bhaineann le maoiniú cairr go minic. Faoi chomhaontú fruilcheannaigh, faigheann tú an carr ar cíos, íocann tú méid a chomhaontaítear go hiondúil mar aisíocaíochtaí míosúla, agus ní bheidh tú i d'úinéir dlíthiúil ar an gcarr go dtí deireadh thréimhse an chomhaontaithe. Is í an chuideachta airgeadais a thugann an t-airgead duit chun an carr a cheannach úinéir dlíthiúil an chairr agus ní féidir leatsa an carr a dhíol gan cead a fháil ón gcuideachta airgeadais. | | | | | | | | |
| E7 | Cárta Creidmheasa | E7 cártaí creidmheasa atá nasctha le siopaí san áireamh. | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E8 | Aisíocaíochtaí morgáiste ar réadmhaoin eile (féach F5) | | | | | | | | | |
| E9 | Fiach i leith na gCoimisinéirí Ioncaim | **E9** mar shampla aon socruithe atá agat leis na Coimisinéirí Ioncaim chun cánacha a íoc mura raibh tú ábalta iad a íoc ina n-iomláine ag an am. | | | | | | | | |
| E10 | Fiach eile (sonraigh le do thoil) | **E10** mar shampla iasachtaí breise nó cártaí creidmheasa, rótharraingtí, íocaíocht riaráistí ar bhillí fóntais, Ceannaigh Anois Íoc níos Déanaí nó creidmheas siopa - bain úsaid as E11 agus E12 chun sonraí maidir le gach fiach ar leith a chur san áireamh. | | | | | | | | |
| E11 | Fiach eile (sonraigh le do thoil – féach E10) | | | | | | | | | |
| E12 | Fiach eile (sonraigh le do thoil – féach E10) | | | | | | | | | |
| E13 | **Iomlán (comhshuim E1 go E12)** | | H5 Ní mór an figiúr a ríomhtar anseo a chur san áireamh i réimse H5 de chuid H: Cur síos ar mo staid airgeadais. | | | | | | | |

# Cuid F: Réadmhaoin eile atá agam

Sa Chuid seo, iarrtar ort sonraí a thabhairt maidir le haon réadmhaoin eile atá ar úinéireacht agat seachas do phríomháit chónaithe, cibé acu agat féin nó in éineacht le duine eile, agus cibé acu in Éirinn nó thar lear.

Nuair a bheidh an chuid seo á líonadh agat:

- Déan cinnte go gcuireann tú san áireamh i i gCuid C (M'Ioncam Míosúil) agus i gCuid D (Mo Chaiteachas Míosúil) na figiúirí d'ioncam míosúil cíosa agus do chaiteachas míosúil
- Déan cinnte go gcuirtear san áireamh i gCuid E (Mo chuid Íocaíochtaí Míosúla Fiachais) na figiúirí do na haisíocaíochtaí míosúla morgáiste atá dlite agus atá á n-íoc

| **Réadmhaoin** (cuir sonraí isteach anseo thíos) | **Cineál réadmhaoine** Mar shampla, réadmhaoin ar léas | **Cineál úinéireachta** Mar shampla, aon-úinéireacht nó comhúinéireacht. I gcás nach bhfuil an réadmhaoin ar lánúinéireacht agat, sonraigh an % den réadmhaoin atá ar úinéireacht agat | **Luach measta reatha €** Féach an Treoir a thugtar faoi Chuid B maidir le conas luach measta do réadmhaoine a chinneadh | **Iarmhéid na hiasachta €** Is é seo an méid iomlán atá fós le híoc ar an iasacht. Ba cheart do do sholáthraí morgáiste an fhaisnéis seo a | **Iarmhéid na riaráistí €** Féach an Treoir a thugtar faoi Chuid B agus faoi Chuid E | **Ioncam cíosa míosúil €** Tá seans ann go n-iarrfaidh do sholáthraí morgáiste ort cruthúnas ar an ioncam seo a thabhairt ar nós cóipeanna d'admhálacha cíosa | **Caiteachas míosúil** Mar shampla, cothabháil, cáin réadmhaoine. B'fhéidir go n-iarrfar ort é sin a chruthú freisin. Ba cheart duit admhálacha aon mhéideanna a chaitear ar an réadmhaoin sin a choinneáil. Ná dearmad soláthar a dhéanamh i leith aon íocaíochtaí | **An bhfuil an fiach seo athstruchtúraithe faoi láthair?** [Tá/Níl] Roghnaigh Tá má rinne tú comhaontú le do sholáthraí morgáiste roimhe seo chun téarmaí agus coinníollacha do fhéich a athrú de bharr deacrachtaí airgeadais, mar shampla an | **Aisíocaíochtaí míosúla morgáiste** | | **Soláthraí morgáiste** | **An bhfuil an réadmhaoin seo ar díol faoi láthair?** [Tá/Níl] |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | **Dlite €** Féach an Treoir a thugtar faoi Chuid B agus faoi Chuid E thuas | **Á íoc €** Féach an Treoir a thugtar faoi Chuid B agus faoi Chuid E thuas | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | thabhairt duit. | | | | cánach a bheidh dlite, e.g. cáin ioncaim ar chíos, cáin réadmhaoine neamhchónaithe. Féach ar www.revenue.ie le haghaidh tuilleadh faisnéise | aisíocaíocht mhíosúil a athrú. | | | | | |
| F1 | 1 | | | | | | | | | | | | | | |
| F2 | 2 | | | | | | | | | | | | | | |
| F3 | 3 | | | | | | | | | | | | | | |
| F4 | 4 | | | | | | | | | | | | | | |
| F5 | **Iomlán** | | | | | | | **C9** | | | | | **E16** | | |

| Mo réadmhaoin eile (seachas príomháit chónaithe) | | |
|---|---|---|
| **Maoin** | **Seoladh** | **Dáta ceannaigh** |
| **1** | | |
| **2** | | |
| **3** | | |
| **4** | | |

## Cuid G: Mo chuid sócmhainní eile

Sa Chuid seo, lorgaítear sonraí maidir leis na sócmhainní eile go léir atá ar úinéireacht agat, cibé acu ar lánúinéireacht agat nó in éineacht le duine eile, mar shampla coigiltis, carranna, agus scaireanna.

<table>
<tr><th></th><th>An Cineál Sócmhainne</th><th>An costas/luach bunaidh €</th><th>Luach measta reatha €</th><th>Glanioncam míosúil</th><th>Tabhair aon sonraí ábhartha, le do thoil</th></tr>
<tr><td>G1</td><td>Coigilteas/taiscí/cuntas reatha</td><td></td><td></td><td></td><td rowspan="5">Tabhair aon sonraí ábhartha a bhaineann le do chuid sócmhainní do do sholáthraí morgáiste i gcomhthéacs do staid airgeadais - mar shampla má tá an tsócmhainn á húsáid mar urrús d'iasacht.</td></tr>
<tr><td>G2</td><td>Scaireanna</td><td colspan="3">G2 Mar shampla scaireanna comhair creidmheasa, scaireanna bainc, scair-scéimeanna d'fhostaithe</td></tr>
<tr><td>G3</td><td>Íocaíocht(aí) iomarcaíochta</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>G4</td><td>Infheistíocht(aí) f(h)adtéarmach(a)<br>(Mar shampla ciste pinsin)</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>G5</td><td>Infheistíocht(aí) Eile</td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| G6 | Sócmhainní eile (mar shampla feithiclí, stoc, innealra) | | | | | **G6** Ba cheart duit a chur in iúl do do sholáthraí morgáiste cibé acu an bhfuil carr ag teastáil uait ar chúiseanna gairmiúla/oibre. |
| G7 | **Iomlán (comhshuim G1 go G6)** | | | | **C10** | |

Liostaigh na dliteanais eile go léir, le do thoil, mar shampla, aon ráthaíochtaí a tugadh i leith iasachtaí arna bhfáil ag cuideachta nó iasachtaí arna bhfáil ag duine den teaghlach.

## Cuid H: Cur síos ar mo staid airgeadais (le líonadh ag an iasachtaí)

Cuideoidh an chuid seo leat athbhreithniú a dhéanamh ar na figiúirí a chuir tú isteach i gcodanna B, C, D agus E thuas.

Chun Cuid H a líonadh, ní mór duit breathnú ar na figiúirí a chuir tú isteach faoi na línte iomchuí mar a luaitear sa tábla: C11, D17, B6 agus E13.

Cuidíonn an chuid seo leat a chinntiú go bhfuil na figiúirí roimhe seo i gceart, mar shampla, má ta do chaiteachas míosúil iomlán i D17 níos airde ná d'ioncam míosúil i C11, be cheart duit athbhreithniú a dhéanamh ar na figiúirí atá curtha isteach agat.

| | | |
|---|---|---|
| H1 | **Ioncam Míosúil Iomlán (C11)** | |
| H2 | **Caiteachas Míosúil Iomlán (D17)** | – |
| H3 | **Fo-Iomlán (H1 lúide H2)** | = |
| H4 | **Aisíocaíochtaí Míosúla Morgáiste atá Dlite (B6)** | – |
| H5 | **Aisíocaíochtaí Míosúla Fiachais Eile atá Dlite (E13)** | – |
| H6 | **Barrachas/Easnamh Iomlán (bain H4 agus H5 de H3)** | = |



**T**: +353 (0)1 224 6000
**R**: consumerprotectionpolicy@centralbank.ie
www.centralbank.ie

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem